

❁ An Lúibín ❁

18 Eanáir 2012

Foclóir nua Béarla-Gaeilge

Tá Foras na Gaeilge chun foclóir Béarla-Gaeilge nua a chur amach in áit an fhoclóra a chuir Tomás de Bhaldraithe amach sa bhliain 1859. Beidh na mílte focal nua ann a tháinig isteach sa teanga ó shin. Bhí fáilte mhór roimh an seanfhoclóir i mbliain a fhoilsithe agus tá an-tairbhe bainte as ó shin, ach deirtear gur beag aird a thug sé ar chaint choitianta an Bhéarla in Éirinn – focail ar nós *mitch*, *stocious* nó *oxter*. Beidh a leithéidí san fhoclóir nua, in éineacht le neart focal nuachumtha a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta, eacnamaíochta agus cumarsáide.

Tá siad ag obair ar an bhfoclóir le seacht mbliana anuas agus beagán níos mó ná €6 milliún caite acu. Beidh sé ar fáil saor in aisce ar líne, ach tá súil acu go leanfaidh daoine orthu ag ceannach an leabhair ‘chrúa’. Tar éis an tsaoil, tá de Bhaldraithe á cheannach i gcónaí – timpeall dhá mhíle chóip in aghaidh na bliana.

Comhlacht Francach, IDM, a sholáthair an córas ríomhaire ba ghá chun an foclóir a fhoilsiú. Tá taithí acu ar an obair agus roinnt foclóirí eile curtha ar fáil acu – Béarla, Spáinnis agus Tuircis.

Níor chúis ionaidh é, áfach, dá leanfadh a lán daoine orthu ag baint feidhm as foclóir de Bhaldraithe. Ní gheilleann sé i gcónaí don chaighdeán, ach tá blas beoga sheanchaint na Gaeltachta uirthi:

He would go to any lengths, dhéanfadh sé cothrom ar bith (*to*, chun). **He went to great lengths**, thriail sé bog agus cruu, gach iarracht. **He would go to all lengths, the whole length**, rachadh sé go bun an angair (le rud).

Agus mar sin de. Ní foclóir don aois úr é, ach tá nádúrthacht ag baint leis ba dheacair a shárú sna foclóirí atá le teacht. Tá gá leo siúd, gan amhras, cé nach ionann i gcónaí breis focal agus faobhar.



An G-Team (TG4)

B'fhéidir go n-éireodh le TG4 rud a dhéanamh nár éirigh leis an éigeantas a dhéanamh riamh – cuid den ghnáthphobal a chur ag labhairt Béarla. Is é atá i gceist anseo breis is 50,000 duine a bheith in *An G-Team*, seó nua réalachais a bhaineann le dhá bhaile dhéag bheaga. Ba é an rud a mheall iad duais €40,000 a bhí Foras na Gaeilge le tabhairt don phobal ba mhó a labharfadh Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Is sraith deich bpáirt é an seó, agus gach seachtain beidh dhá phobal le feiceáil ag dul san iomaíocht, ceamaraí á scrúdú ar gach taobh agus daoine ar a ndícheall ag iarraidh comhrá Gaeilge a dhéanamh ó dhubh go dubh. Rudaí á ndíol agus á gceannach trí Ghaeilge, téacsanna á gcur trí Ghaeilge, daoine ag léamh i nGaeilge.

Adare Productions (Baile Átha Cliath) a rinne an seó, agus dúirt ceann an chomhlachta gurbh iontach an rud é go raibh an oiread sin daoine ag leanúint orthu ag labhairt Gaeilge i ndiaidh na hiomaíochta.

Tosnóidh *An G-Team* ar 8pm Dé Domhnaigh, 15 Eanáir, agus (ós stáisiún domhanda í TG4 anois) beidh sé ar fáil ar líne ar fud an domhain.



Ath-Ghaeltacht Chontae an Chláir

Dream a chloíonn lena gcuspóir is ea Coiste Forbartha na Gaeltachta do Chontae an Chláir – contae a chuir na mílte cainteoir dúchais anonn chun na hAstráile sa 19ú haois. De réir an taighde a rinne an Coiste, maireann cainteoirí dúchais fós sa chontae, fiú mura mbeadh acu ach Gaeilge lag. Tá Gaeilgeoirí in iarthar an chontae a bhfuil an teanga ar a dtoil acu agus daoine eile á foghlaim. Deir Rúnaí an Choiste go bhfuil Gaeilge ag suas le 112 cainteoir laethúil Gaeilge i gCill Ruis amháin, agus gur fiú é sin a chuir i gcomórtas le Ráth Cairn, Gaeltacht oifigiúil a bhfuil 166 cainteoirí Gaeilge ann. Chloisfeá Gaeilge ina teanga chainte agus chomhrá sna ceantair go léir cois farraige agus thoir chomh maith.

Tá fonn ar an gCoiste stádas Gaeltachta a bhaint amach do Chontae an Chláir nó do chuid de. Sa bhliain 1956 a leagadh amach teorainn na Gaeltachta Oifigiúla, ach ní raibh aon chuid de Chontae an Chláir le fáil ann, cé go raibh cainteoirí dúchais sa chontae ag an am. Tá fáilte ag an gCoiste roimh thuairimí an phobail, agus ní gá go mbeifeá i do chónaí sa chontae féin.

Admhaítear nach teanga cheart phobail atá i gceist faoi láthair i gContae an Chláir. Teanga ghréasáin í, rud is fearr ná a easpa, agus súil ag an gCoiste go mb'fhéidir teanga bhaile a dhéanamh de. Tá léiriú le fáil sa scéal seo ar rud a d'fhéadfaí a dhéanamh tar éis bhás na 'fíor-Ghaeltachta,' bás nach mbeidh moill air, más fíor. Daoine i gcontaethe éigin ag cruthú Gaeltacht áitiúil nua taobh amuigh de na cathracha, á bunú ar chuimhne agus ar dhóchas. Tá an Coiste ag cuimhneamh ar an gcontae mar áit atá idir dhá shaol fós – Gaeltacht a bhfuil an dé fós inti (más ar éigean é) agus Gaeltacht eile atá le dúiseacht. Is cinnte nach bhfuil a leithéid ag titim amach i gContae Ros Comáin nó i gContae Shligigh.



Athbhreithniú ar an Acht Teanga

Más Éireannach thú (agus is beag Éireannach a léann *An Lúibín*) tá faille anois agat le do chuid tuairimí a chur in iúl do Roinn na Gaeltachta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, mar chuid d'athbhreithniú ar an Acht. 31 Eanáir 2012 an spriocdháta. Suirbhé ar líne atá i gceist, agus tá deis agat athruithe bisigh a mholadh.

Tá teacht ar an suirbhé ar shuíomh na Roinne ag www.pobail.ie nó www.ahg.gov.ie, mar aon le heolas ar théarmaí tagartha an Achta. Brúigh ar *Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* ar an leathanach baile.

Tá feidhmiú an Achta ag brath go mór ar éifeacht an Choimisinéara Teanga, agus tá rún ag an Rialtas oifigí an Choimisinéara agus an Ombudsman a nascadh le chéile, rud nach mbeadh aon choigilt airgid ag gabháil leis. Tá cuid de phobal na Gaeilge ag caint ar uisce faoi thalamh agus iad ag cuimhneamh ar an neamhaird a thugtaí ar chearta phobal na Gaeilge roimh theacht an Achta. Is é is dóichí nach ndearnadh machnamh ceart ar thoradh an chinnidh, cé gur cosúil go bhfuil daoine ann a bheadh sásta súil róghéar an Choimisinéara a dhalladh.



Mol an óige

Tá gaisce déanta ag Aoife Gregg, cailín sé bliana déag ó Choláiste Loreto, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath. Tá sí ar dhuine den dream óg a bhí ag an *BT Young Scientists and Technology Exhibition*, taispeántas a bhí ar siúl i dteach Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.

Chum Aoife uirlis nua chun seantéacsanna Gaeilge a dhátú. Bhain sí feidhm as ríomhaire chun a dhéanamh amach cé acu na litreacha is minice a bhí le fáil sna téacsanna. A, I, H agus N na litreacha is minice sa Nua-Ghaeilge, ach scrúdaigh sí téacsanna a bhí chomh sean leis an 6ú haois, agus bhí sí in ann aois na dtéacsanna sin a mheas go cruinn i gcás ocht gcinn as deich.

Seift í nach bhfuil nua inti féin, ach sin an chéad uair (go bhfios dúinn) gur baineadh úsáid aisti ar an dóigh áirithe seo. Is é fíorchomhartha an ratha í a bheith idir shimplí agus éifeachtach.



Betha Meic Creiche

Tá scéal Mhic Creiche, naomh, le fáil i lámhscríbhinn Mheán-Ghaeilge, agus léargas ann ar an bpobal a thug urraim dó. Ar nós a leithéidí eile níorbh aon dóithín é. Ciall aige dá raibh dlite dó agus ciall aige, gan amhras, do mhórchumhacht Dé.

Is iomaí míorúilt a rinne Mac Creiche nuair a rug galracha móra agus péistí uafásacha ar Éirinn. Orthu siúd bhí an ghriobh ingneach, an bholgsí agus, thar aon rud eile, an bhroicseach ó Loch Broicsí i gCineál Fearmaic. Ba mhaith an airí sheachanta í siúd (tá an litriú nuachóirithe):

Agus ba é a dhéanadh sí a craos cíocrach confach a oscailt ar comhloscadh amhail cú cuthaigh, agus ligeadh sí buinne leathan lán-aidhbhseach d'anáil gharbh ghintlí thar chompal a craois, agus a carbad ar comhlasadh; agus gach uile dhuine lena mbaineadh an anáil nimhe sin, agus gach ainmhí, théidís d'éag anabái tobann uile, idir chrodh agus dhuine, gur dhiláithrigh an tír uile beagnach dá maithe, agus d'fhág a bhformhór an tír uile ina ndiaidh; agus ba é méad a n-easpa seasca duine, idir fhir agus mhná, gach lá.

Ar chomhairle Naomh Blathmhac (bhí an tír breac le naoimh an uair úd) chuaigh an pobal ag iarraidh cabhrach ar Mhac Creiche, ach is crua an margadh a rinne sé leo: iad a bheith faoi dhaorchíos dó féin agus dá mhanaigh agus cáin a íoc gach trí bliana. D'imigh siad agus tháinig an bhroicseach ina ndiaidh nuair a bhí siad ag dul trasna Chora Shubhaltaigh, agus é ag déanamh slada. Ansin tháinig Mac Creiche agus bhuaile clog; chonaic an bhroicseach é 'gur éirigh ar a cosa deiridh agus gur mhó ná dos-bhile barrleabhar buach nó clogtheach ar chnoc í; gurbh urghráin mhór an oiread sin griobh agus ingne aisti; agus ghabh uamhan mór an cléireach ag feiceáil na péiste'. Ghuigh an naomh Dia agus bhain an clog arís.

Lean Mac Creiche air ag baint an chloig fad is a bhí an péist ag siúl na cora d'abhóga móra agus a craos ar comhloscadh, agus ar an tríú buille binn sceinn caor thine as an gclog i gcraos na péiste. Cuireadh an craos trí thine agus d'iontaigh an péist ar an gcora ag screadaíl go huafásach. Lean Mac Creiche í, agus chuaigh Maoldala, Mac Aibhléin, Blathmhac agus naoimh eile na tíre i ndiaidh Mhic Creiche; agus an tír uile, idir fhir, pháistí agus mhná, i ndiaidh na gcléireach; agus ilgháirí móra ag na sluaite i ndiaidh na péiste:

Agus ghabh siad rompu faoin ionas sin, gur ráinig siad an loch; agus rug an péist léim sa loch, agus chuaigh faoi dhomhain an locha. Thóg an slua agus na cléirigh comhgháirí móra ag altú bithbuíochas do Dhía, mar do coiscedh díobh an pheist.

Ní fada a bhí siad ann nuair a chonaic siad an loch ag maidhmeadh go borbrua thar bruach agus d'éirigh an péist ar lár an locha ar a cosa, rud a chuir náire an domhain ar Mhac Creiche agus gan aon rud faoina lámh aige a chuirfeadh ruaig ar a namhaid. Ansin rug sé ar an gcumhdach éadaigh a bhí ar bharr a chinn (an barrán) agus chaith leis an bpéist é: 'taidhbhríodh dóibh uile é ina chochall iarainn athleáite ag comhleathadh um an bpéist, go bhfaca cách i gcoitinne an péist ag cromadh ina camlúba faoin mbarrán, gur rug sí léi é go tóin an locha, gan athéirí go broinne brátha agus beatha'.

Tá an bunleagan le fáil ag CELT, tionscadal de chuid Choláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC/COC), ar:
<http://www.ucc.ie/celt/published/G201012/index.html>.

Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

Foclóir nua Béarla-Gaeilge

Tá Foras na Gaeilge chun foclóir Béarla-Gaeilge nua a chur amach. Foilsíodh an ceann deireanach sa bhliain 1959. Ba mhaith an foclóir é, ach bhí cuid mhaith de ghnáthfocail Bhéarla na tíre in easnamh air,¹ agus níorbh fhéidir focail nua Ghaeilge a chur leis.²

Beidh an foclóir lán de na focail Ghaeilge is úire³ (focail a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta, eacnamaíochta agus cumarsáide), agus beidh focail as Béarla na hÉireann le fáil ann.

Tá siad ag obair ar an bhfoclóir le seacht mbliana anuas agus beagán níos mó ná sé mhilliún euro caite acu. Beidh sé ar fáil saor in aisce⁴ ar líne, ach tá súil acu go gceannóidh daoine an chóip ‘chrua’ chomh maith. Tá foclóir de Bhaldráithe á ndíol⁵ i gcónaí – timpeall dhá mhíle chóip in aghaidh na bliana.

Tá foclóir de Bhaldráithe go han-mhaith fós ar bhealaí áirithe.⁶ Ní chloíonn sé leis an gCaighdeán⁷ i gcónaí, ach tá nádúrthacht ann agus blas air. Tá gá le foclóir nua, ach tá maith sa sean-rud fós.

An G-Team (TG4)

B’fhéidir go n-éireodh le TG4 cuid den ghnáthphobal a chur ag labhairt Béarla. Tá *An G-Team* ann, seó nua réalachais.⁸ Iarradh⁹ ar na mílte duine gan ach Gaeilge a úsáid ar feadh an lae agus chuaigh siad san iomaíocht¹⁰ le chéile. Bhí duais €40,000 le fáil ó Fhoras na Gaeilge don phobal ab fhearr chun Gaeilge a labhairt.

Tá deich bpáirt sa tsraith.¹¹ Gach seachtain beidh na ceamaraí ag scrúdú dhá phobal. Beidh gach rud á dhéanamh trí Ghaeilge - rudaí á ndíol agus á gceannach, téacsanna¹² á gcur, daoine ag léamh.

Adare Productions (Baile Átha Cliath) a rinne an seó, agus deir siad gur spreagadh daoine éigin chun leanúint orthu ag labhairt Gaeilge i ndiaidh na hiomaíochta.

Ath-Ghaeltacht Chontae an Chláir

Tá Coiste Forbartha na Gaeltachta do Chontae an Chláir ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn sa chontae. Tháinig na mílte cainteoir Gaeilge chun na hAstráile ó Chontae an Chláir sa 19ú haois. Deir an Coiste go bhfuil go bhfuil cainteoirí dúchais fós sa chontae, agus go bhfuil mórán Gaeilgeoirí líofa ann chomh maith. Deir Rúnaí an Choiste go gcloisfeá¹³ an teanga á labhairt ina lán áiteanna cois farraige.

Tá fonn ar an gCoiste stádas Gaeltachta a bhaint amach do Chontae an Chláir nó do chuid de. Sa bhliain 1956 a leagadh amach teorainn na Gaeltachta Oifigiúla, ach ní raibh aon chuid de Chontae an Chláir ann.

Admhaítear¹⁴ nach teanga cheart phobail atá i gceist faoi láthair ach teanga ghréasáin.¹⁵ Mar sin féin, tá súil ag an gCoiste go dtiocfaidh méadú ar an líon cainteoirí.

¹ In easnamh air – lacking in it

² Cuir le – add to

³ Na focail is úire – the latest words

⁴ Saor in aisce – free of charge

⁵ Á ndíol – being sold (plural)

⁶ Ar bhealaí áirithe – in certain ways

⁷ Ní chloíonn sé leis an gCaighdeán – it doesn’t adhere to Standard Irish

⁸ Seó réalachais – reality show

⁹ Iarradh – was/were asked

¹⁰ San iomaíocht – in competition

¹¹ Sraith – series

¹² Téacsanna – texts

¹³ Go gcloisfeá – that you would hear

¹⁴ Admhaítear – it is admitted

¹⁵ Teanga ghréasáin – networking language